V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10529 – HEIDELBERGCEMENT / THOMA BRAVO / COMMAND ALKON)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 121/04)

1. An 7 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— HeidelbergCement AG ("HeidelbergCement", an Ghearmáin);

— Thoma Bravo, LLC ("Thoma Bravo", na Stáit Aontaithe);

— Command Alkon, Inc. ("Command Alkon", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh HeidelbergCement rialú comhpháirteach ar Command Alkon de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir ábhar tógála é HeidelbergCement a thairgeann suimint, clincear agus breiseáin suiminte eile, comhiomlán, coincréit réamh-mheasctha agus táirgí coincréite eile, scríd agus asfalt,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Thomas Bravo a dhíríonn go háirithe ar iarratais agus ar bhogearra bonneagair agus ar sheirbhísí a cumasaíodh leis an teicneolaíocht,

— Soláthraíonn Command Alkon réitigh bhogearraí uathoibriúcháin sna Stáit Aontaithe agus san Aontas, réitigh a mbaintear úsáid astu i dtionscal na n-ábhar tógála troime chun críocha éagsúla (praghsáil agus lua, glacadh le horduithe, sceidealú agus seachadadh, seoladh, baisceáil, ticéadú, rianú trucaile agus bainistiú trucaile, rialú cáilíochta, oidis agus táirgeadh).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10529 – HEIDELBERGCEMENT / THOMA BRAVO / COMMAND ALKON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË